



Foras na Gaeilge

Aitheasc Fhoras an Gaeilge do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Pól Ó Gallchóir, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge

18 Samhain 2020

Teideal

Seirbhísí dátheangacha éifeachtacha á soláthar ag Ranna Stáit agus Comhlachtaí Poiblí agus Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2020.

Pól Ó Gallchóir, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge

Go raibh maith agat, a Chathaoirligh, as an deis seo a thabhairt dúinn aitheasc a chur in bhur láthair ar **Seirbhísí dátheangacha éifeachtacha á soláthar ag Ranna Stáit agus Comhlachtaí Poiblí agus Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2020.**

Ba mhaith liom tréaslú leis an gComhchoiste mar go bhfuil sibh ag tabhairt tosaíocht don cheist tábhachtach seo mar chuid de bhur gclár oibre agus aithne againn ar bhaill an Comhchoiste táimid dóchasach go mbeidh tionchur ar bhur gcuid oibre.

Mar a chuir mé in iúl inár ráiteas tosaigh, tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, thuaidh agus theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach réimse a bhaineann leis an nGaeilge, agus mar sin de, tá lúcháir orainn go bhfuil an Rialtas ag déanamh réidh leis an mBille seo a achtú, agus tá súil againn, dá bharr, go dtiocfaidh an feabhas atá riachtanach ar sholáthar an Stáit maidir le seirbhísí trí Ghaeilge don Ghaeltacht agus do phobal na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Cuireann Foras na Gaeilge réimse seirbhísí ar fáil a d'fhéadfadh cuidiú le lucht soláthair seirbhísí san earnáil phoiblí cur lena soláthar. Tá eolas curtha ar fáil againn inár n-aitheasc don Chomhchoiste ar na seirbhísí sin. Ba mhaith linn an deis seo a thapú eolas a thabhairt faoi chuid de na seirbhísí sin.

Ach ba mhaith linn tosú le moltaí Fhoras na Gaeilge ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2020.

Aitheasc Fhoras na Gaeilge

1. Is ábhar sásaimh é ag Foras na Gaeilge go bhfuil aghaidh á tabhairt ar an obair seo. Mar eagraíocht Thuaidh/Theas, atá dírithe ar an nGaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile oileán, tá Foras na Gaeilge ag súil le páirt ghníomhach a bheith againn sa phróiseas feidhmiúcháin a eascróidh as an mBille seo.
2. Dar le Foras na Gaeilge go bhfuil deis ann anois nár chóir a chailleadh, deis nach dócha a thiocfaidh chun tosaigh go ceann tamaill fhada, dualgais a leagan ar an státchóras i leith na Gaeilge, dualgas is féidir a dhearbhu.
3. Tá go leor sa dréachtbhille atá foilsithe atá ag brath ar dhea-thoil státseirbhíseach, agus aithnímid gur leor sin go minic le hathruithe a chur i bhfeidhm. Ach dar le Foras na Gaeilge, go bhféadfaí an reachtaíocht a threisiú go mór chun go mbeadh dualgais agus ceangail ar an státchóras gníomhú i leith na Gaeilge, nuair nach leor an dea-thoil leis sin a dhéanamh. Tá seo ríthábhachtach i leith phobal na Gaeltachta go háirithe, ach tábhachtach fosta i leith phobal na Gaeilge ar fud na tíre.
4. Dar le Foras na Gaeilge go bhféadfaí an bille a láidriú dá mbeadh athrú sa teanga a chinnteodh gníomh. Mar shampla, tá an téarma '*aird*' in úsáid go minic sa Bhille in ionad téarma níos soiléire, a thagródh do dhualgas.
5. Tá go leor sa reachtaíocht atá rognach, seachas éigeantach.
6. Lena chinntiú go mbeidh an reachtaíocht láidir go leor le córas soláthair seirbhísí a dhearbhu beag beann ar thosaíochtaí rialtais eile amach anseo, thacódh sé go mór leis an Aire, ar a mbeidh freagrachtaí don Ghaeilge, dá leagfaí dualgais ar an Aire gníomhú, seachas rogha a thabhairt di gníomhú, mar atá faoi láthair.
7. Aithníonn Foras na Gaeilge, nuair nach mbíonn foráil éigeantach, go minic nach ngníomhaítear ag leibhéal an stáit maidir leis an nGaeilge.
8. Cuidíonn scálaí ama, freagrachtaí soiléire agus smachtbhannaí le gníomhaíocht a dhearbhu.
9. Láidreofar an bille seo go mór leis na scálaí ama agus spriocanna atá fógartha mar leasuithe. Beidh sé tábhachtach taighde a dhéanamh go luath lena chinntiú gur féidir na spriocanna sin a bhaint amach, agus clocha míle a leagan síos ina leith.

10. Dhá bhealach eile leis an dréachtbhille a láidriú, dar linn feidhm reachtúil a thabhairt don Phlean a thiocfaidh ón gCoiste Chomhairleach, agus freagracht ar an Aire nó ar airí éagsúla é a chur i bhfeidhm; agus
11. Aitheantas i ndéanmhas an Choiste a thabhairt do na ról reachtúla atá ag Foras na Gaeilge (FnaG), Údarás na Gaeltachta (ÚnaG), agus an Coimisinéir Teanga (CT).

Teanga an Bhille a Láidriú

4. 9A (b)

12. Tá an téarma ‘*aird*’ in úsáid go minic sa chuid seo den Bhille in ionad téarma níos soiléire.
13. In Acht Craolacháin 2009, baintear úsáid fhorleathan den fhocal “aird” i leith na ndualgas faoin Acht a bhaineann leis an Ghaeilge. Tá sé léirithe sa dóigh a bhfuil neamhaird déanta ag roinnt comhlachtaí craolacháin dá ndualgais i leith na Gaeilge faoin Acht Craolacháin, gur beag aird a bhíonn ag cuid shuntasach den státchóras i gcoitinne ar an dualgas “aird” a bheith acu ar an nGaeilge.
14. Lena chois sin, is minic leas á bhaint as an mbriathar *féad* seachas *ní mór*.

An Coiste Comhairleach

15. Aithníonn Foras na Gaeilge gur Coiste Reachtúil a bheidh sa Choiste Comhairleach, agus dá réir sin, go mbeidh dualgais ar leith agus cumhachtaí ar leith aige thar choistí eile a bhaineann leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Dar linn, mar sin féin, go láidreofaí an Coiste Comhairleach dá mbeadh tagairt shonrach ann don dá mhór-eagraíocht comhairleach atá bunaithe ag an Stát le cúraimí na Gaeilge orthu, de réir reachtaíochta – mar atá Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.
16. **18B (b)** D’fhéadfaí ballraíocht an Choiste a neartú go mór dá ndéanfaí tagairt sa reachtaíocht do na réimsí saineolais ar ghá don Aire “aird a bheith aige” orthu agus é ag roghnú na ngnáthchomhaltaí, m.sh. an phleanáil teanga, riarachán poiblí, bainistiú athraithe, taighde.
17. **18B (d)** Níl aitheantas i ndéanmhas an Choiste do na ról reachtúla atá ag Foras na Gaeilge (FnaG), Údarás na Gaeltachta (ÚnaG), nó an Coimisinéir Teanga (CT). Cé nach luaitear FnaG nó ÚnaG, luaitear dreamanna eile - na ‘comhlachtaí poiblí’ go sonrach. D’fhéadfaí tionchar an Choiste a láidriú go mór ach aitheantas a bheith

sa chuid seo den Acht do na ról reachtúla atá ag na comhlachtaí reatha Gaeilge Stáit.

18. Fághtar déanamhas an Choiste go hiomlán faoin Aire, nós atá á athrú le blianta beaga anuas agus an státchóras ag iarraidh cur le trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras agus na n-institiúidí stáit. Tá Foras na Gaeilge den tuairim gurbh fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuid seo den reachtaíocht le go mbeadh ballraíocht an Choiste faoi réir na ngnáthphróiseas roghnaithe do choistí mar seo.
19. **18B (e)** Tá duine ón nGaeltacht luaite i ndéanamhas an Choiste, agus tacaíonn Foras na Gaeilge go mór leis sin. Dar linn go gcuirfí go mór leis an fhoráil seo ach duine nó daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht a lua leis fosta, mar shampla, duine ó na Líonraí agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta, rud a thabharfadh aitheantas foirmeálta do na Líonraí agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta trí thagairt dóibh go sonrach.
20. **18C. (1)(c) taighde.** Is áis an-tábhachtach í an taighde agus tá Foras na Gaeilge sásta go bhfuil sé luaite sa chomhthéacs seo. Dar linn go bhfuil seans ann iniúchadh iomlán a dhéanamh ar na heagraíochtaí poiblí ar fad, mar shampla chun féachaint cad é an staid reatha maidir le seirbhísí Gaeilge iontu. Tríd seo, d'fhéadfaí na rudaí atá le hathrú/leasú a aithint sna heagraíochtaí seo, spriocanna ama a leagan amach, moltaí a sholáthar dóibh tríd an bpróiseas agus a chinntiú go bhfuil na cúraimí seo á gcomhlíonadh acu.

Smachtbhannaí

21. Dar le Foras na Gaeilge go gcuirfí go mór le héifeachtacht na reachtaíochta seo dá mbeadh 'smachtbhannaí', nó pionós éigin i gceist i gcásanna gur theip ar chomhlachtaí nó ranna feidhmiú de réir na reachtaíochta, nó de réir na gcaighdeán a bheidh le haontú. Tá córas mar sin i bhfeidhm i dtíortha eile lena dteangacha a chosaint (An Spáinn, an Eastóin) agus a chur chun cinn, agus léireofaí tríd sin gur gá caitheamh go dáiríre leis an reachtaíocht.
22. Tá nósmaireacht i bhfeidhm sa státchóras le blianta fada gur "féidir" neamhaird a dhéanamh de reachtaíocht a bhaineann le Gaeilge, de chóras na scéimeanna teanga atá ann faoi láthair, agus de na forálacha a bhaineann leis an nGaeilge i reachtaíocht eile, mar shampla, Acht Craolacháin 2009. Is cinnte go gcinnteodh córas pionós éigin nárbh fhéidir neamhaird a dhéanamh den reachtaíocht.

23. **18C (4)** Threiseofaí an reachtaíocht seo go mór dar le Foras na Gaeilge ach na cumhachtaí a bhfuil tagairt dóibh faoin Alt seo don Choiste Comhairleach a shoiléiriú, sa reachtaíocht féin. Is féidir leas a bhaint as eiseamláir na reachtaíochta a bhaineann le RGCS (GDPR) chuige sin.

Caighdeáin Teanga

24. Dar le Foras na Gaeilge go dtreiseofaí an reachtaíocht go mór ach an fhoclaíocht atá in úsáid in **Cuid a 19** den Acht a láidriú, trí leas a bhaint as an fhoclaíocht “Ní mór” seachas “féadfaidh”.

25. In cinnte go dtreiseofar **Cuid 19** den reachtaíocht go mór má bhíonn scálaí ama agus spriocanna luaite léi. Cé go n-aithníonn Foras na Gaeilge an bharrthábhacht a bhaineann le ceantair Ghaeltachta sa chéad áit, tá sé tábhachtach go mbeidh an chumhacht ag an Aire scálaí ama a lua leis na haonaid pleanála teanga eile mar atá, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge fosta.

Maolú ar chaighdeáin teanga 19C.

26. Tréimhse fhada í an tréimhse 5 bliana a mhairfeadh an maolú a d’fhéadfadh comhlacht a iarraidh agus a fháil de réir na reachtaíochta. Dar linn gurbh fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar an tréimhse mhaolaithe agus an síneadh ama. De réir mar atáthar a bheartú sa dréachtbhille, beidh spriocdháta na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (2030) beagnach caite sula mbeidh iarracht déanta ag roinnt comhlachtaí tabhairt faoi sheirbhísí i nGaeilge a sholáthar, má iarrann siad maolú, agus má chuirtear síneadh ama leis sin.

27. Dá mbeadh iniúchadh á dhéanamh trí thaighde mar atá luaite in **18C (1)(c)**, d’fhéadfaí na cúiseanna a bhainfeadh le maolú a fhiosrú ar bhonn neamhspleách, agus d’fhéadfadh an Coiste cinntí (seachas moltaí) a dhéanamh faoi conas cabhrú leis an chomhlacht dá réir.

28. Tá na nithe is féidir a chur san áireamh in iarratas faoi fho-alt (1) ar lorg maolú an-oscailte agus an-leathan, agus comhairlíonn Foras na Gaeilge athbhreithniú a dhéanamh orthu.

29. **19C (4)** Dar le Foras na Gaeilge, go dtreiseofar an bille agus na féidearthachtaí feabhsú a bhaint amach go mór má bhíonn na forais stáit atá bunaithe le comhairle a chur ar an Aire agus ar an Roinn (Foras na Gaeilge agus Údarás na

Gaeltachta), luaite go sonrath sa chuid seo den reachtaíocht. Mar an gcéanna, shamhlófaí ról sonrath a bheith ag an Choimisinéir Teanga fosta.

30. **19C (6)** Má tá éifeacht le bheith ag an fhoráil seo, dar linn go mba ghá go mbeadh an cumas ag an gCoiste Comhairleach faoin reachtaíocht, iniúchadh a dhéanamh trí thaighde agus anailís, mar atá luaite ag Foras na Gaeilge i leith **18C (1)(c)**. Bunaithe air sin, d'fhéadfaí cúiseanna bailí maolaithe a aithint, agus d'fhéadfadh an Coiste cinntí a dhéanamh faoi conas ab fhearr plé leis sin.

31. Tá Foras na Gaeilge den tuairim go bhfuil deis anois ann, deis nach raibh againn roimhe seo, leis an reachtaíocht seo gníomh suntasach a dhéanamh a dhéanfaidh leas na Gaeilge sa stát go ceann tamaill fhada, agus go bhfuil comhdhéanamh an Chomhchoiste seo agus comhdhéanamh an Rialtais féin fabhrach chuige sin.

Seirbhís tacaíochta don Earnáil Phoiblí

1. Maidir le Seirbhísí Tacaíochta don earnáil phoiblí, cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil le haghaidh raon seirbhísí.

Freagra

2. Is líne chabhrach phoiblí í seirbhís **Freagra, a bhunaíodh in 2005 le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge** is féidir a rochtain ar an bhfón, nó le teachtaireacht téacs nó ríomhphoist. Cuirtear freagraí tapa ar fáil ar cheisteanna faoi gach gné den Ghaeilge, faoi fhocail, faoi litriú nó faoin ngramadach. Tá an tseirbhís ar fáil ag an bpobal agus ag oibrithe sa tseirbhís phoiblí, agus iad ag iarraidh Gaeilge chruinniú a úsáid ina gcuid seirbhísí. Bain 9,805 duine úsáid as an tseirbhís seo idir 1 Eanáir agus 31 Deireadh Fómhair 2020.

Aistear

3. Is seirbhís phoiblí í **Aistear a bhunaíodh in 2011** le cabhrú le daoine chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge scríofa agus cleachtadh a fháil ar shainscileanna na heagarthóireachta agus an aistriúcháin. Cé go bhfuil an suíomh gréasáin dírithe ar lucht aistriúcháin, tá sé ar fáil ag daoine a bhíonn ag plé leis an Ghaeilge sa tseirbhís phoiblí.

Gaelchultúr

4. Cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil don chomhlacht **Ghaelchultúr** chun cúrsaí oiliúna a chur ar fáil d'oibrithe san earnáil phoiblí sa Ghaeilge agus in úsáid na Gaeilge – mar shampla ag déanamh tairiscint ghníomhach don phobal. D'fhreastal 544 fostaithe ó 64 eagraíocht stáit ar chúrsaí Gaelchultúr ó thús 2020.

Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge

5. Gréasán tacaíochta agus urlabhra d'Oifigigh Forbartha Gaeilge san Earnail Phoiblí agus eile is ea Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge. Cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil don Chumann lena gcruinnithe a reáchtáil agus le hoiliúint a chur ar fáil do na hoifigigh. Ba mhaith le Foras na Gaeilge go mbeadh stádas oifigiúil bainte amach ag an gCumann chun cur le héifeacht a chuid oibre taobh istigh den Earnáil Phoiblí.

Séala an Aistriúcháin

6. Déanann Foras na Gaeilge maoirsiú ar **An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí agus Eagarthóirí** - cáilíocht ghairmiúil d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí Gaeilge a dhearbhaíonn caighdeán oibre na ndaoine a bhfuil an séala acu.

7. Tá os cionn 200 aistritheoir a bhfuil an séala acu sa liosta aistritheoirí agus eagarthóirí ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge. Beidh scrúdú eile á reáchtáil ar an 5 Nollaig 2020 leis an séala a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé acu faoi láthair. Tá 56 duine cláraithe don scrúdú seo. Tá molta ag Foras na Gaeilge do na húdaráis áitiúla, na comhlachtaí agus na Ranna stáit gan ach aistritheoirí a bhfuil an séala acu a úsáid ina gcuid conarthaí aistriúcháin.

An Coiste Téarmaíochta

8. Is coiste deonach é an Coiste Téarmaíochta ar a bhfuil breis is 20 ball a cheaptar ar feadh tréimhse trí bliana. Cuireann an Coiste Téarmaíochta téarmaíocht údarásach chaighdeánach Ghaeilge a ar fáil chun tacú leis an nGaeilge mar mheán cumarsáide sa tsochaí. Socraíonn siad na prionsabail téarmaíochta, ceapann siad téarmaí, agus pléann siad le fiosruithe ilghnéitheacha ón bpobal agus le ceisteanna aistriúcháin ó oifigí Gaeilge an AE.

An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta – www.tearma.ie

9. Tá c.185,000 iontráil dhátheangach ar fáil sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta. Bunaíodh an suíomh in 2004, agus déantar é a bhainistiú i gcomhar le DCU. Sheol muid leagan nua den suíomh in Eanáir 2019, agus i lár 2019, rinneadh an 100,000,000^ú cuardach ar an suíomh. Rinneadh thart faoi 10k téarma nua nó leasaithe a uaslódáil ar www.tearma.ie gach bliain de na 3 bliana deireanacha, agus ina measc sin 1k téarma nua.

An foclóir ar líne – www.foclóir.ie

10. Tá an fhoclóireacht agus an téarmaíocht mar chúram reachtúil ar Fhoras na Gaeilge, agus dá réir sin tá ról ar leith againn maidir le foclóirí cuimsitheacha nua-aimseartha a chur ar fáil chun úsáid na teanga a éascú agus a dhaingniú i ngach réimse den saol comhaimseartha, go háirithe sa chóras oideachais. Chuaigh ár bhfoclóir nua Béarla Gaeilge ar líne beo in 2013, agus tá aip ar fáil ó 2015. Foilsíodh an leagan clóite den fhoclóir le gairid.
11. Tá suíomh idirlín againn www.teanglann.ie ar a bhfuil leaganacha digiteacha de na mórfhoclóirí reatha eile ar fáil ó 2014 – English-Irish Dictionary de Bhaldráithe (1959), Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill (1977) agus An Foclóir Beag (1991).